

BISEACH

IRIS CHUMANN FORBARTHA CHOIS FHARRAIGE

NOLLAIG 1998



£1.50

an t-é a d'imigh le gaoth

Trí bhraos gála, trí ghála feothan, trí fheothan stoirm agus trí stoirm hairicín. Francis Beaufort a rinne an rangú ar an ngaoth atá á úsáid ar fud an domhain. Éireannach a bhí ann as an Uaimh i gCo. na Mí. Bhí dearcadh ar leith ag Beaufort, a dhearcadh féin, dearcadh an Éireannaigh.

Is dream ar leith muintir na hÉireann agus is stáisiún leithleasach teilifíse TnaG.

Stáisiún ar aon mheon linn féin, stáisiún a bhfuil an dearcadh ar leith sin aige - an dearcadh Éireannach.



TnaG. Briseann an dúchas...

Website-<http://www.tnag.ie>

BISEACH

Iris Chumann Forbartha Chois Fharraige

NOLLAIG 1998

SMAOINEAMH

Tá bliain eile bainte amach ag an gCumann Forbartha agus ag Paróiste an Chnoic fré chéile. paróiste atá aitheanta anois ar cheann de na ceantracha is méithiúla. ó thaobh fostaíochta de, in aon limistéir tuaithe sa tír. Ní i ngan fhios do mhuintir an cheantair a tharla an fhorbairt seo. Tharla sé de thoradh na hoibre agus na pleanála a rinne pobal na háite sna blianta a chuaigh thart agus atá ar siúl go fóill. Agus 'sé an t-allas coirp agus intinne céanna sin a choinneós an ceantar i mbarr réime sna blianta atá le theacht agus do na glúnta atá le theacht.

Ach ní mór a bheith airdeallach nó íocfar go daor as an bhforbairt eacnamaíochta seo má thugtar cúl le cine agus le dúchas na háite. Tá seoda luachmhara fós sa gceantar nach féidir a shlánú sa mBruiséil ná i bhfoirgintí an Stáit. Muid fhéin agus muid fhéin amháin a dhéanfas caomhnú ar ár dteanga agus ár n-oighreacht Ghaelach. Má chailleann muid iad sin is beag an bhrí an fhorbairt eile ar deireadh thiar.

Má tá amhras fós ort faoi thairbhe na teanga nó an chultúir, breathnaigh ar an méid daoine, sean agus óg, atá ag obair sa gceantar - le *Raidió na Gaeltachta*, *Teilifís na Gaeilge*, *Údarás na Gaeltachta*, *Foinse*, comhlachtaí neamhspleácha teilifíse, Coláistí Gaeilge, comhlachtaí áitiúla agus le eagrais eile nach iad ar fud na háite.

Ná séan a ndúchas ar na daoine óga. Ná séan orthu a ndeís le fostaíocht a fháil ina gceantar dúchais.

S. Ó Braonáin.

Altanna san eagrán seo . . .

Comhgháirdeachas Libh! 4

Méadú ar an Scoil Nua 7
Micheál Ó Flannabhra, S.P.

Cumann Micheál Breathnach 8
Tomás Ó Neachtain

Tearmann Annín 10
Micheál Ó Flannabhra, S.P.

Scéal "Chailleach an Úafáis" 13
Tom Phaddy Mac Diarmada

Forbairtí 14
Gearóid De Faoite

Seanscoil Sailearna 17
Breandán Ó Tuairisg

Comórtas Ghlóir na nGael '98 22

Canon Lyons 25
Micheál Ó Flannabhra, S.P.

Paróiste an Spidéil 27
Máirtín J. Ó hÉanaí

An Beirneach 30
Micheál Ó Flannabhra, S.P.

Focla Scoir 33
Pádraig Ó hÉalaí

Pictiúir ar an gclúdach tosaigh:

Féile na mBád, amach ón Spidéil (*Rionach Uí Ógáin a ghlac*);
Cóiríú na Seanscoile; Méadú ar an Scoil Nua.

Dearadh agus Priondáil:

CLÓDÓIRÍ LURGAN TEO., INDREABHÁN, CO. NA GAILLIMHE.
FÓN: (091) 593251 FAICS: (091) 593159



pic. : Bob Quinn

Aongus

Tá leaidín beag agamsa, leaidín beag bídeach
Agus cothrom an lae seo sea rugadh é
Ag a sé a chlog anocht beidh sé bliain ar an saol
Agus anocht sé an rí ar an teallach é.
I ndiaidh a chinn roimhe a tháinig Aongus sa saol
Ní raibh sé ag iarraidh a theacht, ach tháinig sé;
Bíonn meangadh ar a bhéal ó mhaidín go faoithin
Rud a insíonn gur cosúil gur maith leis é:
Tá an teach lán anseo inniú lena chairde is a ghaoil
Agus gan fhios aige fhéin cén t-údar é;
Iadsan ag siorá 'gus ag síosca eadrab fhéin
Agus ag fiafraí cé leis a ndeachaigh sé.
Tháinig an cheist sin chomh fada liom fhéin
Agus is beag ná sáinneadh cheal freagra mé
Ach má bhíonn sé in ann a dhul inniu chuile áit a raibh sé
inné
Sílim gur cuma liom eatarthu é;
Tá mise san aois le nach bhfeicfidh mé an lá
Go mbeidh Aongus sa mbeár agus deoch aige.
Ach má chaitheann sé dhó a sheaicéad,
Ag fiafraí cé is fearr
Fiafróidh fear éigin cé leis a ndeachaigh sé.
Dá mairfeadh an leaid sin céad bliain ins an saol
Ag breathnú roimhe air is fad' an t-achar é
Ach ag breathnú ina dhiaidh air
'S é i ndeireadh a ré
Fiafróidh sé: 'meastú cá ndeachaigh sé?'
Dá dtagadh an lá inné ar ais
Rud nach dtarlóidh go héag
Mar léas ar an saol ní fhaigheann ceachtar againn
Ní iarrfainn malairt an mhic a raibh a lá breithe aige inné
Ná malairt na mná a bhí ina Mhama aige.

ón leabhar - "Buile Faoi Thuairim Gabha"

JOHNNY CHÓIL MHAIDHC

Is é Johnny Chóil Mhaidhc Ó
Coisdealbha as na Creagáin,
Indreabhán, Co. na Gaillimhe
atá molta ag Cumann Forbartha
Chois Fharraige i mbliana do
Ghradam an Phiarsaigh.

Pearsa mór Gaeltachta é Johnny, fear a bhfuil teanga labhartha an phobail ar díobh é thar a bheith paiteanta aige. Scríbhneoir cruthaitheach é a bhfuil friotal binn curtha aige ar shaol a mhuintire. Tá ábhar grinn agus machnaimh curtha ar fáil aige sna drámaí a scríobh sé, leithéidí, *An Tincéara Buí*, *Ortha na Seirce*, *An Cnuastóir*; agus sna hagallaimh beirte ar mhínic duais Oireachtais buaite aige leo, leithéidí, *Raiftearaí*, *An Fhaoistin*, *An Volkswagen* agus *An tAsal*.

Is fear é a bhfuil éacht déanta aige, mar scríbhneoir agus mar aisteoir, i gcur chun cinn na drámaíochta agus na n-agallamh beirte i gConamara. Fear é Johnny a bhfuil sé de bhua ag a chuid ealaíne lucht féachana a mhealladh ina sluaite chuig na hallaí agus chuig na comórtais ina mbíonn an léiriú ar siúl.

Bhí páirt ghníomhach aige ar feadh na mblianta sna Scoileanna Éigse a bhíodh á reachtáil ag Coiste Ghairm Oideachais Cho. na Gaillimhe ó thús na gcaoga daí i leith, agus tá a thaithí óna Scoileanna Éigse seo mar bhunchloch faoina chnuasach filíochta, *Buile faoi Thuairim Gabha*.

Bhíodh mír ghrinn aige ar chlár *Togha agus Rogha*, Raidió na Gaeltachta, i lár na seachtóidí a mbaineadh lucht éisteachta an-sult go deo as, agus ba é a léirigh an leagan dramatúil de leabhar an Chadhnaigh, *Cré na Cille*, ar RnaG go luath tar éis a bhunaithe.

Tá aithne mhór ar Johnny Chóil Mhaidhc, agus gean dá réir air ag lucht Gaeltachta agus Gaeilgeoirí uile na tíre, go háirithe de bharr a rannpháirtíochta in Oireachtais, i gcomórtais drámaíochta agus i gcláracha raidió. Nuair a labhrann sé, aithníonn daoine ó cheann ceann na Gaeltachta gurb é glór a ndúchais féin atá le clos acu.

BÓITHRÍNÍ an Locháin

*Nach fada a goil an bealach mé le bliain agus trí rá';
Ag breathnú ar an ainnirín 'tá ar thaobh an chnoic úd thall,
Ag iarraidh í 'thabhairt abhaile liom, mar chéile 's mar ghealghrá,
Le go mbeadh sí 'gcónaí in aice liom i mBaile an Locháin.*

*Aréir ag tíocht ó chuairt 'om sea casadh liomsa Cáit.
Ina suí ar chnocán uaigneach 's í ag gol go hard.
D'fhiafraigh mé den stuabhean céard a bhí dhá crá,
Agus d'fhreagair sí go buartha mé, nó ar tú mo mhúirnín bán.*

*Is anois ag tíocht a' tSamhraidh, beidh gach duilliúr glas a' fás.
Tíocfaidh bainne don bhó ghamhnach 's beidh na cleabhair amuigh dhá bleán.
Beidh an gliomadóir ag tamharnáil ins gach cuan anonn 's anall,
'S beidh mise agus mo stóirín a' goil Bóithríní an Locháin.*


*Anocht ag tíocht a' bóithrin (dh)om 's mé ag cuimhneamh ar mo ghrá,
Casadh liomsa an ainnirín is labhair sí liom go tláith,
D'fhiafraigh sí go cúramach an dtabharfainnse dhi grá;
Ach dúirt mé léi go múinte nach dtabharfainn ná go brách.*

*'S nach fada 'goil an bealach mé go moch agus go mall;
Nach fada 'goil an bealach mé idir shliabh 'is ghleann,
Ag breathnu ar an ainnirín mar seo(bh) i mo ghealghrá,
'S gur cailín as na hAille í, sé 'hainm Máire Bhán.*

*'S anois ag tíocht a' tSamhraidh beidh gach súgradh againn is greann,
Tíocfaidh glór binn don chuach is beidh 'n bradán geal ar snámh,
Beidh 'n drumadóir ag tamharnáil a 'goil suas go Bó Bhrucháin,
'S beidh mise agus mo stóirín a' goil Bóithríní an Locháin.*

*Dhá dtéinnse anonn go Sasana nó ar ais go Meiriceá;
Shiúilfinn thrí(d) gach baile mór a' breathnú ar an áit;
Ní thabharfainn gean do bhean ar bith dhá mbeadh ins na hOileáin,
Nó go dtagainnse 'Cois Fharraige, mar 's ann atá mo dhream.*

*Anois ag tíocht a' tSamhraidh beidh gach sugradh 'gainn is greann;
Tíocfaidh deireadh le John Redmond agus beidh Seán Buí ar lár.
Beidh na buachaillí 's na cailíní a' ceol 's a' gabhail amhráin,
Beidh mise agus mo stóirín a' goil Bóithríní an Locháin.*



Seo é Meaití Joe Sheamais Ó Fátharta, as na hAille, Indreabhán, an fear a bhuaigh Corn na bhFear ag Oireachtas na Gaeilge i dTrá Lí cúpla seachtain ó shin. Comhgháirdeachas ó chroí leis. Seo leagan den amhrán a scríobh Pádraig Learaí Ó Feinneadha, *Bóithríní an Locháin*, mar gur amhrán é a chasann Meaití go minic – cé nach é a bhí aige ag an Oireachtas i mbliana. Seo leagan a thairgead Meaití fhéin, thart ar 24 bliana ó shin, óna mháthair, Nan Pheaidí. Céad slán do na mairbh ar fad.

Oireachtais

Laoch Shaile Thúna



Nuair a bhí Ciarán Ó Coincheanainn fós sa scoil Náisiúnta d'airigh sé Máire Ní Dhonnchadha ag casadh *Caisleán Uí Néill* agus cheap sé gurbh álainn an t-amhrán agus an modh amhránaíochta é. B'shin an uair ar chuir sé suim sa Sean-nós. Thosaigh sé ag freastal ar ranganna Sean-nóis ansin faoi stiúir Mháire Uí Dhroighneáin.

Sa mbliain 1996 bhuadh Ciarán Fleadh Ceoil na hÉireann agus bhuadh sé Comórtas Phléaráca Chonamara i 1996 agus i 1997. I mbliana bhuadh sé Comórtas na nAmhrán Nuachumtha ag an bhFéile Pan-Ceilteach, bhuadh sé ag Fleadh

Ceoil na hÉireann i mBéarla agus i nGaeilge. bhuadh sé Comórtas Cuimhneacháin Tom Pháidín Tom Faoi-21, agus ansin ag Oireachtas na Gaeilge i dTrá Lí i mbliana bhuadh sé Comórtas amhránaíochta Sheosaimh Uí Éanaigh.

Chomh maith leis an amhránaíocht sean-nóis tá suim ag Ciarán sa gceol – casann sé ar an Orgán – bhí sé le Cór na Tulaigh agus ba é an t-amhránaí aonair é ag an gcéad Aifreann a craoladh ar Theilifís na Gaeilge. Lá Nollag 1997.

Nár laga Dia thú, a Chiaráin. Comhghárdeachas leat agus ná lig leis na maidí ar a bhfaca tú riamh.



Séamus Mac an Rí, Cólín Cliseam (nach maireann) agus Colm Ó Méalóid i measc an tslua ag an Oireachtas i gCois Fharraige sna seachtóidí agus rabharta amhránaíochta á bheartú acu go cinnte!

SCOIL (nua) NÁISIÚNTA SAILEARNA

Rinneadh an oscailt oifigiúil ar mhéadú na scoile ar an 12ú lá de Dheireadh Fómhair '98. Ba é an tAire Oideachais, Micheál Ó Máirtín, T.D., agus an tAire Stáit, Éamonn Ó Cuív, T.D., a bhí i mbun an tsearmanais oscailte agus ar ndóighe beannafódh an scoil féin, na gasúir scoile agus foireann na scoile ar ócáid na hoscailte. Lá mór a bhí ann, don scoil agus don phobal ar fad.

Tógadh Scoil nua Sailearna sa mbliain 1972. Bhí cúigear múinteoirí ann ag an am agus cúig sheomra ranga. Tá naoi seomra ranga ann faoi láthair, dhá oifig - don phríomhoide agus rúnaí, deichniúr múinteoirí, cothbhálaí, halla mór uile-fhóinteach spóirt le freastal ar ghasúir na scoile, ar scoláirí Choláiste Chofm Cille agus ar phobal an Chnoic. Tá méadú mór ar líon na ngasúr sa scoil le blianta beaga anuas agus tá níos mó ná 260 acu ann faoi láthair. Soiléiríonn na figiúirí céanna an fhorbairt mhór atá déanta i gceantar Chois Fharraige.

Bhí costas leath mhilliúin punt ar obair thógála na scoile le gairid. Thug An Roinn Oideachais £312,816.98, thug An Roinn Ealaíon,

Cultúir, Gaeltachta & Oileán £82,250 agus tháinig fuilleach an chostais de £104,550 ón bpobal féin. Táimid buíoch do na hEagrais Stáit agus b'iontach an gníomh gaisce ón bpobal a leithéid a dhéanamh.

Ba mhór an tacaíocht a thug Coiste Bainistíochta Scoil Sailearna. B'iontach go deo an cúnamh a thug Coiste na dTuismitheoirí faoi Chathaoirleacht Ghearáid Denvir; Coiste an Chranachuair mhóir faoi Chathaoirleacht Pheadair Mhic an Iomaire agus faoi stiúir Nóirín Ní Lochlainn, rúnaí CST, i gcúrsaí bhailiúcháin airgid. Go gcúití Dia a gcineáltas leo. Tá Coiste Bainistíochta na Scoile faoi chomaoín ag an Roinn Oideachais agus ag Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltacht & Oileán faoin tacaíocht a tugadh agus tuigimid go mbíonn fonn i gcónaí ar na Ranna Stáit cúnamh a thabhairt do choistí nach ligeann a maidí féin le sruth agus a bhailíonn iad féin ón mbun aníos. Ar ndóighe láidiríonn dílseacht an phobail don teanga agus don iompar teanga sa bpobal cás an choiste go mór.

Buíochas do Dhia go bhfuil forbairt mhór déanta sa scoil agus áiseanna curtha ar fáil do mhúinteoirí dílse na scoile buanna na ngasúr a fhorbairt. Go stiúra Dia iad i bhforbairt

daonna seo na n-óg. Le cúnamh Dé beidh breis forbartha le déanamh amach anseo. Tá díon nua asphalt le cur ar an taobh ó dheas den scoil leis an mbraon anuas a sheachaint. Tá seomra nua le cur leis an halla ó thuaidh le freastal ar an méadú ar líon na ngasúr. Tá obair mhór le déanamh ar na trí acra talmhan ó thuaidh den scoile, de luach £50,000, atá fáighe ag an scoil le forbairt mar pháirc imeartha do na gasúir.

Spregfaidh a leithéid d'infheistíocht áitiúil an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltacht & Oileán le tuille infheistíochta a dhéanamh i dtodhchaí daonna an cheantair seo mar Ghaeltacht - na gasúir scoile. Ná ligimís síos iad. Forbairt Phobail Óig le nasc na Gaeilge atá i gceist anseo. B'iontach an cúnamh é ón bpobal ach cogar a chur i gcluais na gaoithe a shéideann aniar go hOifig Roinn na Gaeltachta i mBaile Atha Cliath go bhfuil a leithéid d'fhorbairt tuille ag an dream óg. Bailíonn brobh heart! Thuas an saibhreas, anuas a Aghaidh, le Cúnamh Dé!

Micheál Ó Flannabhra, S.P.
(Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta)



An obair fheabhsúcháin ar an scoil.

CUMANN MICHEÁL BREATHNACH

Thosaigh an séasúr thiar sa Márta le sraith an iarthar inar imir an cumann i gcoinne foirne cosúil le Rinn Maoile, Na Piarraig, An Chéathru Rua, Maigh Cuilinn agus An Fhairche. Tar éis na gcluichí ar fad a bheith imirthe sa sraith bhí an cumann ag barr an tábla agus gan cluiche ar bith caillte acu. I lár mhí Mheán Fómhar d'imir muid Na Piarraig i gcrabhbh an iarthar i gCill Ainnín agus bhí bua slachtmhar de 4 phointe againn orthu rud a chuir isteach muid i gcluiche ceannais sraithe an chondae in aghaidh Ghleann Uisce ar an 28ú Samhain.

Dá n-éireadh linn an cluiche sin a bhuacaint bheadh an cumann ar ais sa Roinn Idirmheanach don chéad uair ó 1996. Ní mar sin a tharla, faraor, mar cé gur imir muid go maith sa gcluiche sin níor éirigh linn na seansanna ar fad a thapú agus fuair Gleann Uisce an láimh in uachtar orainn sa gceathrú huair deireadh.

I gcrabhbh soiséar an chondae d'éirigh linn Rinn Mhaoile, An Cheathrú Rua, Na Piarraig agus An Fhairche abhuaileadh sular chlis orainn le cheithre phointe i gcluiche an iarthar, arís i gCill Ainnín, i mí Dheiridh Fómhar i gcoinne ár sean-náimide faoi-aois, Baile Chláir na Gaillimhe.

I gComórtas Peile na Gaeltachta i mbliana, a

imríodh ar an bpáirc s'ainn fhéin, bhí bua mhaith againn ar Na Piarraig sular chlis orainn in aghaidh Bhaile Chláir sa gcluiche ceannais áitiúil. Tá ard-mholadh tuillte ag na himreoirí, na roghnóirí, Micheál Ó Gríofa agus Séan Mac Eochagáin, an traenálaí Pádraig Ó Conaire agus an bainisteoir Séan Ó Loideáin as ucht a gcuid oibre agus a gcuid ama ar fad tá caite acu ar son an chlub i mbliana.

SOISÉAR B

D'imir an fhoireann soiséar B a gcuid cluichí uilig sa sraith i mbliana agus cé nár éirigh leo an cluiche ceannais a bhaint amach bhuaill siad Cinn Mhara, Rinn Mhaoile agus An tAth. Ó Gríofa.

Sa gcomórtas craoibhe bhuaill Cinn Mhara iad sa gcéad bhabhta agus chuadar ar aghaidh as sin leis an gcrabhbh ar fad a thabhairt leo ar deireadh thiar.

Arís, tá buíochas mór ag dul do na imreoirí, na roghnóirí, Mánuis Ó Conghaile agus Larry Ó Cualáin agus an bainisteoir Seosamh Ó hÉanaí.

NA MIONÚIR

Cé gur cheap muid ag tús na bliana go mbeadh Roinn A beagán ró-dheacair don pháinéal imreoirí a bhí againn sa gclub bhí dul amú orainn mar chruthaigh siad thar barr i gcrabhbh an iarthar, áit ar bhain siad amach an cluiche ceannais. D'imir siad i gcoinne Bhóthar na Trá sa

gcluiche sin, i mí Lúnasa, agus murach cúpla gortú i rith an chluiche b'fhéidir go mbeadh an chrabhbh ag teacht ar mbealach don chéad uair óna 70aidí. Rinne siad an-mhaith sa sraith chomh maith céanna cé nár éirigh leo an cluiche ceannais a bhaint amach. Míle buíochas do na bainisteoirí, Meaití Joe Shéamuis Ó Fátharta agus Máirtín Ó Conghaile.

FAOI -21

D'éirigh go maith leis an

bhfoireann faoi-21 freisin. Bhuaill siad foirne Rinn Mhaoile, Mhaigh Cuilinn, agus na Fáirche ar a mbealach go dtí Craobhbh Cheannais B an Iarthair i dtús mhí na Nollag.

Níl dabht ar bith ach gurb iad an seo cnámh droma an chlub faoi láthair agus muid ag tabhairt ar n-aghaidh ar an gcéad mílaois eile. Níl fáth ar bith nach mbeadh dóchas againn gur féidir an club a láidiríú le cúnamh as gach ceard do na laeids óga seo agus na foirne faoi-aois atá ag teacht aníos.

Tá foireann óg againn faoi láthair ach de réir a chéile a gheobhas siad an taithí atá ag teastáil leis an gclub a thabhairt suas trí na ranna eagsúla mar a rinne An Chéathrú Rua, agus le cúnamh na ndaoine agus na n-imreoirí, tiocfaidh tuilleadh ratha ar an gclub. Mar a deir an seanfhocal "Ní neart go cur le cheile".

*Tomás Ó Neachtain
(Rúnaí)*

Iománaithe óga Chumann Micheál Breathnach a bhuaigh Sraith Chathair na Gaillimhe faoi-12 don bhliain 1998



Líne Cúil (ó chl): Charles Picard, Ciarán Ó Conghaile, Jack Mac Giolla Bhríde, Diarmaid Ó Cuív, Antaine Ó Finneadha, Daithí Ó Calanáin, Cian Ó Gríofa, Diarmaid Ó Ceallaigh, Cian Mac Giolla Bhríde, Séamas Ó Conghaile.

Líne Tosaigh (ó Chlé): Pádraig Ó Gallchoir, Dónall Ó Héalaí, Pádraig Ó Dúill, Séan Ó Donnchú, Peadar Ó Cionnaith (captaen), Pádraig Mac Giolla Bhríde, Aonghus Ó Cadhain, Eoinín Ó hAinmhíre, Séamus Ó Coincheanainn.

TEARMANN AINNÍN

Bliain na nAosach, 1993, a thug an spreagadh is an dúshlán do Loch Lurgan Teo. dhá theach déag a thógáil do sheandaoine ar an gCnoc.

Tá seachtar stiúrthóirí ar an gcomhlacht céanna:- Pól Ó Foighil agus Aodán Mac Donnachadha ó Fhorbairt Pobail Teo., Pádraic Willie Ó Fátharta agus Donncha Ó hÉalaithe ó Chumann Forbartha Chois Fharraige Teo. Sorchá Nic Dhonnchadha ón Údarás agus Breandán Ó Tuairisg agus Micheál Ó Flannabhra ó

Chomharchumann Shailearna Teo. Tá an seachtar ag obair go deonach dá bhfuil ina gcónaí sna tithe i dTearmann Ainnín agus bíonn teacht le chéile acu uair in aghaidh na míosa le cúrsaí a phlé agus le cinnidh a thógáil.

Ceannaíodh suíomh na dtithe ón mBanc i 1993 le cead ó Chomharchumann Chois Fharraige. Fostaíodh Niall S. Ó Céirín mar ailtire don chomhlacht. Thóg na conraitheoirí, Cuddy Developments Ltd., dhá theach déag ar chostas £375,000. Chuir coistí áitiúla airgead ar fáil le troscáin a cheannacht do na tithe. Thug FÁS, Roinn na Gaeltachta,

An tÚdarás agus an Comhairle Condae cúnamh agus chuir an Roinn Comhshaoil. f/ch. Emmet Stagg, iasacht tríocha bliain neamhaisíochta de £367,000 ar fáil do Loch Lurgan Teo. le roinnt dá fhiacha a ghlanadh. 'Sé an tAire Comhshaoil, Micheál Ó hUdaigh, a d'fhógair na tithe ar oscailt go hoifigiúil ar ócáid mhór a bhí ar an gCnoc ar an Luan, an 3ú lá de Dheireadh Fómhair 1994 agus ba é An tEaspag, Micheál Ó Néaraí, a bheannaigh Tearmann Ainnín an lá céanna sin leis an mBeannú seo a leanas:

Go mbeannai Dia na tithe nua seo óna mbun go dtina mbarr.
Go mbeannai Sé gach far-dhoras, gach cloch is gach clár.
Go mbeannai Sé na teaghlaigh is an bórd ar a leagtar an dia.
Go mbeannai Sé gach seomra le haghaidh sámhachodladh na hoíche.
Go mbeannai Sé an doras a oscloimid go fial
Don stráinséir is don dhochtán chomh maith lenár ngaol.
Go mbeannai Sé na fuinneoga a ligean dúinn an léas
Ó sholas geal na Gréine, na Gealaí s na Réalt.
Go dhfana síocháin dá réir sin is dár gcomharsana cion is gá.
Go gcuimhdai Dia Tearmann Ainnín anseo is a bhfuil faoina scáth.
Go gcuiri Dia a gcineáltas leo siúd a thóg na tithe dá bhfuil sean.
Go scaoil Sé rabharra rua dá bheannachtaí anuas orainn ón gcladach thall.
S go stiúra Sé muid uilig go dtina thearmann féin ar ball



Tearmann Ainnín, An Cnoc



An tAire Comhshaoil, Micheál Ó hUdaigh, ag searmanas oscailte Thearmann Ainnín

Íoctar siad cíos réasúnach le Loch Lurgan Teo. le slacht a choinneáil ar na tithe agus a dtimpeallacht agus le costaisí árachais agus péinteála a ghlanadh. Feicfidh tú ón liosta seo thíos go bhfuil Loch Lurgan Teo. ag freastal ar sheandaoine ó Ghaeltacht Chonamara ó dheas ar fad agus is í an tsat tomhais a bhíonn á úsáid le háit istigh sna tithe a fháil do dhuine ar bith as an gceannar ná:

* Ainm an duine a bheith ar liosta na ndaoine atá i dteideal tí de réir slat tomhais an Chomhairle Condae.

* Bheith molta ag na comhairleoirí cáilithe proifisiúnta a chuireann liosta de réir tosaíochta ar aghaidh ag Loch Lurgan Teo. tar éis agallamh a chur ar chuile iarratasóir.

* Bheith sásta glacadh leis na

rialacha beaga céanna atá leagtha síos do chuile tionónta i dTearmann Ainnín.

Tá Tearmann Ainnín ar an bhfód anois le ceithre bliana. D'éirigh go maith leis. Tá Pobal Ainnín i dtuilleamaí na n-aosach atá ina measc as chuile shórt dá bhfuil againn. Ba dheas uathu an creideamh láidir atá acu, an saibhreas cultúrtha, an teanga bheo, an dearcadh saoil Críostúil, a meas ar an dúchas, a gcion ar oidhreacht ár sinsear, an t-ómós atá acu don duine, do Dhia agus don chruinne a chruthaigh Sé, a shíneadh anall chugainne. Ní hionadh ar bith go mbeadh fonn ar phobal an Chnoic an meas atá acu ar Aosaigh an cheantair agus an onóir is an t-ómós is dual dóibh a theaspáint ar an mbealach seo.

Mar Chathaoirleach ar Loch Lurgan Teo. molaim an Coiste éifeachtach a bhí i mbun oibre ó bhliain na nAosach i 1993 – molaim chuile choiste, chuile eagra agus chuile dhuine a thug cúnamh dúinn. Tá dáréag ina gcónaí i dTearmann Ainnín faoi láthair mar gheall nach raibh Loch Lurgan Teo. ná Pobal Ainnín An Chnoic ina gcónaí — ó bhliain na nAosach i leith. Go geití Dia a gcineáltas leo agus go méadaí Sé chuile shórt ar fheabhas acu. "Go scaoile Dia rabharra rua dá bheannachtaí anuas orainn ón gcladach thall 's go stiúra Sé muid uilig go dtí a thearmann féin ar ball".

Micheál Ó Flannabhra S.P.

Siad na daoine seo leanas a d'fhan sna tithe ón gcéad lá:

1. Máirtín Mac Suibhne. Inis Treabhair, Leitir Móir.
2. Elen Bn. Uí Chátháin. Inis Treabhair, Leitir Móir.
- 3/4. Colm Ó Fátharta & a athair Máirtín (RIP), Inis Bearachain, Leitir Móir.
5. Josie Ó Márta. An Cheathrú Rua.
6. Pádraig Ó Maoilchiaráin, An Cheathrú Rua.
7. Steve Ó Tuairisc, Lochán Beag.
8. An tAth. Colm Mac Suibhne, (RIP), An Spidéal.
9. María Nic Dhonnchadha, An Cheathrú Rua.

10. Mary Uí Mhóráin, Oileán na Rossa, An Cheathrú Rua.
11. Annie Uí Fhlatharta, Béal an Daingin.
- 12/13. Micheál Ó Conghaile & a bhean, Seana Féistín.
14. Celia Bn. Uí Chadhain, (RIP), Na Doireadha, Ros a' Mhíl.

Ó shin i leith shocraigh na daoine seo leanas isteach sna tithe i dTearmann Ainnín:

Séamus Ó Caisín, Na Minna.
Paddy Joe Ó Conghaile, Na Creagáin.
Micheál Tom Dharach Ó Cualáin,
Fuirmis, Leitir Mealláin.
Bairbre Nic Dhonnchadha, Leitir Caladh.

An Teach le Chéile . . .




pic: Breandán Ó Tuairisg

Chun tosaigh ó chlé: Máirtín Bhille Ó Fátharta, Máirtín Stiofáin Ó Cualáin, Pádraic Pheter Mhaitiú Ó Cualáin, Pat Thaidhg Ó Conaire, Cóil Phaddy Mac Diarmada, Pádraic Sheáinín Bheag Ó Tuairisg, Paide Bán Mac Diarmada

An dara líne: Dainín Mac Fhlannchadha, Seáinín Bold Ó Donnchadha, Peaidarín Phádraic Ó Coincheanainn, ?, Coilimín Thomáis, Pádraic Pheaits Ó Fátharta, Johnny an Táilliúra Ó Cadhain, ?.

An líne cúil: Séamus Lochrainn Ó Gríofa, ?, Tomás Mhaitiú Ó Cualáin, Cóilí Óg Ó Cualáin, Cóil Pheaidirín Ó Tuathail, Paddy Beag Ó Droighneáin, ?, ?, Maidhc Stiofáin Ó Cualáin, Seáinín Sheáin Mhóir Ó Cualáin.

(Má tá aon duine dár léitheoirí in ann cuir leis an liosta thuas, nó é a cheartú, cuir nóta ag Rúnaí an Chumainn - beidh míle fáilte roimh do nóta.)



TOM PHADDY MAC DIARMADA

Seo'd scéal a thairfead "An Ruaiteach" - Art Mac Risteárd - ó athair a mhná, Joe Shéamais Dhiarmaid, nach maireann, suas le deich mbliana fíchead ó shin.

SCÉAL "CHAILLEACH AN UAFÁIS"

I n aon teach amháin a bhí an mháthair, a mac agus a bhean siúd ina gcónaí. Bhí aois mhór ag an máthair. Ach níos measa ná sin, dheamhan créatúr a' bith a bhí níl fhuair ná í agus bhíodh goic uirthi leis an bhfuacht ar a' gcruatan ab fhánaí. Ach faoi dheireadh fuair sí bás agus ba é 'tíocht go'n gheimhreadh é. Mar gheall go mbíodh sí fuar, cuireadh cúpla pluid léithi sa gcónra. Agus cuireadh í.

Ach nuair a mhéadaigh an fuacht ní raibh aon phluid eile le spáráil sa teach agus dúirt an bhean le fear a' tí gur dona a chrúthaigh siad agus na pluideanna a chur sa gcónra leis an máthair.

"M'anam gur dona," a deir sé, "go dteastóidís uainn fhéin á mbeidís a'inn. Ach m'anam gur gearr go mbeidh," a deir sé, "go ngabhfaidh mise," a deir sé, "go mbainfidh mé dhaoi aríst iad!"

D'imigh sé an oíche seo, 'chuma ar bith, sa meánoí nuair a cheap sé nach mbeadh duine a' bith le feiceál - ná a d'fheiceadh é. . . is bhí sé ag imeacht leis 's a' déanamh ar an roilic agus casadh fear eile leis. Bhuel, bhuail siad caint ar a chéile: d'fhiafraigh an fear eile dhó cé 'raibh sé a goil.

"By dad," a deir mo dhuine, "níl mé a goil ag inseacht dhuit, nach bhfuil tú fhéin amuigh chomh deireanach liomsa," a deir sé, "cá'il tú fhéin a goil?"

"Bhuel, inseoidh mise dhuit," a deir sé, "cá'il mé a goil," a deir sé, "ach gan é a inseacht d'aon duine," a deir sé, "agus tusa 'inseacht dhomsa cá'il tú fhéin a goil".

"Bhuel sé'n áit a bhfuil mise a goil," a deir an fear eile, "pluideanna a chuir mé ar mo mhathair sa gcónra nuair a cuireadh í," a deir sé, "agus theastóidís uainn fhéin," a deir sé, "agus tá mé a goil á dtóigeál aríst go mbainfidh mé dhaoi na pluideanna!"

"Muise sé'n áit a bhfuil mise a goil," a deir an fear eile, "a goil ag goid ceann de na caoire ó fheiliméara atá thart anseo a bhfuil go leor leor caoire aige".

"By dad," a deir an fear, a bhí a goil ag an

roilic, "inseoidh mise ort é mara dtabharfaidh tú a leath dhom fhéin!"

"M'anam go dtabharfaidh mise a leath dhuit," a dúirt an gadaí.

"Bhuel má bhímse réidh romhat," a deir sé, "fanfaidh mé ag geata na roilice leat nó go dtaga tú. Agus má bhíonn tusa ansin romhamsa," a deir sé, "fanfaidh tú fhéin liomsa nó go mbeidh mé réidh".

"Níl locht air," a deir an gadaí.

D'imigh leo, 'chaon duine acu ina bhealach fhéin, 'chuma ar bith, agus chuaigh mo dhuine ag an roilic.

Agus bhí fear eile agus a mháthair ag maireachtáil san áit, gan sa teach ach an bheirt acu, agus bhí'n mháthair criplithe; ní raibh sí in ann siúl 'chor a' bith ach 'léir mar thabharfadh an mac amach í. Agus bean mhór throm a bhí inti, bean mhór ramhar. Bhí'n mac ag tíocht abhaile an oíche seo nuair a d'airigh sé an rúpáil as cionn uaigh an tseanbhean a bhí thar éis a cur. Agus bhíodh an tseanbhean sin agus a mháthair fhéin an-mhór le chéile. Agus nuair a chuaigh sé abhaile bhí faitíos air agus d'inis sé an scéal don mháthair.

"Ar chuir tú aon araoid uirthi?" a d'fhiafraigh an mháthair.

"Níor chuireas," a deir an mac, "mar ní ligeadh an faitíos dom".

"By dad á mbeinnse ansin," a deir an mháthair, "labhairteoinn léithi!"

"M'anam muise má's maith leat é go dtabharfaidh mise ann thú!"

"Tá go maith," a deir an mháthair, agus bhuail sí suas ar dhroim a mac.

Bhí siad ag imeacht leo nó go raibh siad ag tarraingt ar an roilic. Ní raibh aon choisméig siúlta ag an máthair seo le deich mbliana roimhe sin. Nuair a chuala an fear, a bhí ag cartadh leis taobh istigh, an torann taobh amuigh shíl sé gurb é an fear a raibh an chaora goidte aige a bhí ann.

"Ah," a deir sé de bheic, "a' bhfuil sí a'd? Tá súil a'm go bhfuil sí breá ramhar. Caith i leith anseo a'm i go ndéanfaidh muid dhá leith dhaoi!"

Shíl an bhean, a bhí ar dhroim a mac, ar ndó', gurb í fhéin a bhí sé a rá agus ní rinne sí ach í fhéin a chaith' anuas de dhroim a mac agus as go brách léithi. Agus thar éis nár shiúl sí aon choisméig le deich mbliana roimhe sin, ní raibh gair a' bith ag an mac a theacht suas léi agus an oiread siúil a bhí aici go ndeacha sí abhaile.

Agus sin é mo scéal!sa!

Scéim Uisce an Chnoic/na Minna

Áchoimre ó Ghearóid de Faoite

Is iomaí bliain ó shin anois ó thosaigh Coiste Chomharchumann Shailearna Teo. ag iarraidh feabhas a chur ar sholáthar uisce an cheantair. Is iomaí teacht le chéile a bhí i gceist agus is mó ná sin litreacha a scríobhadh agus iad ar a míle dícheall ag iarraidh soláthar glan sásúil uisce a chur ar fáil do phobal Chois Fharraige.

Ní mórán tairbhe a bhí ag an gCoiste de bharr a gcuid iarrachtaí go leor den am, mar go bunúsach bhí tacaíocht an Chomhairle Condae ag teastáil sula mbeadh An Roinn Comhshaoil sásta feabhsú a airgeadú. Ní tacaíocht airgid a bhí ag teastáil ón gComhairle Condae ach tacaíocht i bpronsabail mar, gan an tacaíocht seo ní fhéadfadh an Roinn Comhshaoil aon rud a dhéanamh dúinn.

Ba é an t-easpa tacaíochta seo a chur moill deich mbliana ar fhorbairt bhunúach sa gceantar seo. I 1996 ba é an scéala a bhí á fháil ag an gComharchumann ná go raibh na dociméidí a bhain leis an scéim seo á gcur ar aghaidh chuig an Aontas Eorpach le airgeadú in éindí le beart mór eile iarratais.

Dá bhrí sin sa'n freagra a bhí le fáil againn an uair seo, nuair a d'ardófaí an cheist sa Dáil nó sa gComhairle Condae, ná go rabhtas ag fanacht le cinneadh ón Eoraip. Níor

thug an Coiste suas a gcás mar sin féin, lean siad ar aghaidh lena gcuid fiosrúcháin agus fuair siad amach ó oifigeach sinsearach sa gCoimisiún san Eoraip gur drochsheans a bhí ag scéim uisce an Chnoic/Minna airgead a fháil ón Eoraip.

Ansin díródh arís ar an Roinn Comhshaoil agus ar an Aire Brendan Howlin a bhí in oifig agus cuireadh an scéim ar ais ar an gclár oibre. Ní fada go raibh olltoghchán fógartha. Thapaigh CST agus pobal Chois Fharraige an deis ag an am seo

chun aird a dhíriú ar a bhfeachtas agus ar deireadh thiar d'éirigh linn. Tugadh treoir do Chomhairle Condae na Gaillimhe tairiscintí a lorg. B'iad comhlacht Coffey a fuair an conradh agus rinne siad éacht ina gcuid oibre. Thug an Comharchumann gach comhoibriú do chomhlacht Coffey agus iad ag dul i mbun oibre, rud a chinntigh nach raibh aon a bhriseadh sa seanchóras cés moite de chorrcheann a bhí deacair a sheachaint. Chosain an obair a rinne siad £3.3 milliún.

COSTAS BREISE

Ag an am céanna chaith an Comharchumann £302,000 chun athghrádú a dhéanamh ar an scéim chomh maith. Fuarthas an t-airgead sin ó chúlchistí an Chomharchumann (a bhí bailithe ón gerannchur a reachtáileadh fadó) agus meascán de dheontais ón Roinn Comhshaoil agus ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán.

Tá an scéim nua faoi lán tseoil anois, buíochas le Dia. Tá roinnt fadhbanna leis na seanphróipáí atá fós ar an scéim ach de réir a chéile tá suil againn go bhfaighfear an ceann is fearr ar na fadhbanna seo uilig. Tá Coiste Bainistíochta CST thar a bheith buíoch do gach duine agus do gach eagraíocht a bhí páirteach linn agus muid ag plé na ceiste seo. Tá moladh mór ag dul do phobal Chois Fharraige a bhí foighideach ar feadh na mblianta fada agus a thug tacaíocht dúinn nuair a bhí sé ag teastáil.

SIOPA AN PHOBAIL

Tá forbairt an-mhór déanta ar Shiopa an Phobail in Indreabhán i gConamara le tamall anuas. Cuireadh 7,000 troigh cearnach de mhéadú ar an sean siopa atá faoi úinéireacht Mhairéid agus Sheáin Uí Fhoighil le 15 bliain. Tá 13,000 troigh cearnach sa siopa anois, athchóirithe ó bhun ar chostas milliún punt. Fágann sin Siopa an Phobail ar an siopa Centra is mó sa tír, tá 15 dhuine fostaithe ann go lánaimsearach agus 30 eile ag obair ann go páirtaimsearach.

Athosclaíodh Siopa an Phobail, Déardaoin, 12ú Samhain ag 11.00 r.n. Tá sé ar an gcaighdeán fearais is airde dá bhfuil le fáil agus raon iomlán earraí bia, dí agus eile ar fáil ann. Bhí an-lá ag na gasúir ar lá na hOscailte, a dúirt úinéirí an tsiopa, Mairéad agus Seán Ó Foighil. Bhí fear grinn ar an láthair an lá sin agus de réir tuairiscí, bhí an siopa plódaithe i gcathreamh an lae. Go maire sibh a nuaíocht!

Mairéad & Seán Ó Foighil, úinéirí Shiopa an Phobail, agus athair Sheáin, Pól Ó Foighil ag athoscailt an tsiopa, in Indreabhán.



Buaiteoirí as Scoil Sailearna ag Feis Ceoil i dTuaim i lár na dtríochaidí . . .



pic: Breandán Ó Tuairisg

Ó chúil: Máire Steve Rua Uí Dhonncha (*Cor na Rón*), Máirín Sheáin Jimmy Uí Chúláin (*Cor na Rón*), Ceate Cheannabháin (*Aille*), Máirín na mBreathnaigh Uí Choincheanainn (*Lochán Beag*), Kata Bheag Uí Chonghaile (*An Cnoc*), Nóirín Mhánaís Uí Fhátharta (*An Cheathrú Rua*), Máirín Pheter Mhaitiú Uí Chúláin (*Cor na Rón*), Meaig Bheartla Tom Uí Mhuirí (*Lochán Beag*), Neansaí Mháirtín Bheartla Uí Nualláin (*Lochán Beag*).

3ú Líne: Máire Johnny Frainc Bhreathnach (*An Cheathrú Rua*), Nancy Sheáin Jimmy Uí Chúláin (*Cor na Rón*), Bidín Staff Uí Dhonnchadha (*Teach Mór*), Margaret Mhike Uí Mhaoileoin (*An Cheathrú Rua*), Maggie Mhánaís Uí Fhátharta (*An Cheathrú Rua*), Mary Staff Uí Dhonnchadha (*Teach Mór*).

2ú Líne: Nóirín Chóil Chuilm Uí Chúláin (*Lochán Beag*), Máire Uilicín Uí Choistealbha (*An Cheathrú Rua*), Meaig Beatty (*An Cnoc*), Baibín Mháirtín Bheartla Uí Fhlatharta (*Lochán Beag*), Baib Mhánaís Uí Fhátharta (*An Cheathrú Rua*), Winnie Staff Uí Dhonnchadha (*Teach Mór*), Mary Johnny Mhaidhc Uí Chadhain (*Lochán Beag*), Bríd Dan Beag Uí Loideáin (*Púirín*).

Chun tosaigh: Máire Phaddy Nic Dhiarmada (*Cor na Rón*), Kate Pháidín Shéamuis Uí Choincheanainn (*Cor na Rón*), Peigín Mharcuis Uí Cheannabháin (*Lochán Beag*), Kate Chamuis Seoige (*Lochán Beag*), Sarah Phádraic Thaidhg Uí Chonghaile (*An Cnoc*), Máire Phádraic Thaidhg Uí Chonghaile (*An Cnoc*), Kate Steve Rua Uí Chúláin (*Cor na Rón*), Caitlín Mháirtín Pháidín Uí Scanláin (*Cor na Rón*).

SEANSCOIL



pic: Breandán Ó Tuairisg

SHAILARNA

Le Breandán Ó Tuairisg

Is maith is cuimhneach liom an chéad lá ar thosaigh mé ar scoil, Seanscoil Shailearna mar a thugtar anois uirthi nó mar a deir an leac cloch aoil a bhí ar bhalla an dá bhinn bheaga a bhí ar thosach na scoile nach bhfuil amhlaidh níos mó - *Salerna National School 1885*. Cheap muid ar fad agus muid ag dul isteach agus amach na ndoirse sin ar feadh roinnt blianta gur tógadh an scoil an bhliain sin ach mar atá 'fhios againn anois bhí an scoil ann i bhfad roimhe sin.

Fuair muid amach é sin go gairid tar éis dúinn tús a chur le athógáil na scoile mar go raibh obair chloch déanta uirthi nach raibh amhlaidh ar chuid eile dhe, agus narbh ionann an t-ábhar a húsáideadh ach oiread.

Ag an bpointe seo ba mhaith liom tagairt a dhéanamh do sheanchara liom, stairí iontach, fear a d'fhág stair agus scéalta breátha faoin gceantar ina dhiaidh, 'sé sin Seán Ó Mainnín, iar-phríomhoide Choláiste Cholm Cille, go ndéana Dia grásta air. Thug a bhean Máire an t-eolas seo dhom agus saol fada agat, a Mháire.

Bhí scoil bheag ceann tuí i gCoill Rua sa mbliain 1826. Riocard Ó Maolruadh a bhí mar mhúinteoir inti. Sa mbliain 1853 cuireadh scoil ar bun sa Lochán Beag i dteach ceann tuí. Seomra

amháin 30 troigh ar fad le 14 troigh ar leithead. Ní raibh 'fhios ag Seán cén áit ar an Lochán a raibh an scoil sin ach chuir mé cuid mhaith tuairisce agus ceaptar gur siar ó tí Ned Sheáin, nó Tí Turley mar a thugtar anois air, a bhí sí. Pádraic Robinson an múinteoir a bhí ann. Bhí ós cionn trí scór scoláire, idir bhuachaillí agus chailíní, ag freastal ar an scoil. D'íoc siad £5 an duine in aghaidh na bliana. Sa mbliain 1854 nuair a bhí an Canónach Ó Liatháin ina shagart paróiste ar an gCnoc ceadaíodh tuarastal £11 do Phádraic Robinson chomh maith le leabhra do na scoláirí.

AN CHÉAD CHUID

Is cosúil gur tógadh an chéad chuid de scoil Sailearna timpeall 1854 nó go gairid in dhiaidh sin. Dhá sheomra a

bhí inti agus bhí an t-eolas seo a leanas ag Seán (Ó Mainnín). Bhí an scoil ann i mí Feabhra 1864, Scoil Sailearna, Uimhir Rolla 9275, agus bhí an scoil cláraithe leis an mBord Óideachais ar an 1 lú Márta 1864. Bhí Pádraic Ó Donnchadh ina phríomhoide sa scoil go dtí 1869 nuair a ceapadh Tomás Mac an Ultaigh ina phríomhoide. Bhí Cáit Ní Choisdealbha ina cúntóir. Scoil mheascaithe a bhí inti. An Canónach Ó Liatháin a bhí ina shagart paróiste ar an gCnoc ag an am seo. Dhá sheomra a bhí sa scoil agus bhí na seomraí 34 troigh ar fad le 16 troigh ar leithead. Cuireadh tús le obair thógála ar an scoil sa mbliain 1884 - is dóigh liom gur seomraí breise a bhí i gceist.

Ceapaim féin gur ag an am sin a cuireadh seomra siar as an dá sheomra a bhí ann, an seomra atá le bóithrín, agus seomra eile soir ón dá sheomra. Is dóigh go raibh an obair sin déanta in 1885 agus gur cuireadh an leac cloch aoil a lua mé níos túisce ar bhalla na scoile. Bhí an scoil sa séipéal fad a bhí an obair thógála ar siúl.

Bhí dhá sheomra ag na buachaillí agus dhá sheomra ag na cailíní ag an

am seo, seomraí a bhí 28 troigh ar fad agus 16 troigh ar leithead. Chosain an obair nua seo £459 agus fritheadh £306 mar dheontas. Chosain sé £41-19-6 balla a chur timpeall gharraí na scoile.

Ar bhord riartha na scoile sin bhí an tAth. Tomás Ó Cuirraidh sa Spidéal, an tAth. P. Mac Girr, Conga, agus John Redington, Esq., Gaillimh. Ba é an tAth. Hosty, an sagart paróiste, a bhí mar bhainisteoir ar an scoil. Is é a tháinig i ndiaidh an Chanónaigh Uí Liatháin.

Mary Donohue, nó Máire Mhicil Hughie mar a thugtar uirthi, a ceapadh ina príomhoide i scoil na gcailíní, agus bhí Miss Maxwell ina cúntóir aici. Is í Mary Donohue seo a phós an Máistir Ó Maicín blianta ina dhiaidh sin nuair a ceapadh eisean ina phríomhoide i scoil na mbuachaillí. Is minic a chloisinn mo Dheaide ag caint ar Mhacken.

D'éirigh Tomás Mac an Ultaigh as múinteoireacht sa mbliain 1889 agus tháinig Jeremiah Ó Ríordáin mar mhúinteoir ina áit sa mbliain 1889. An tAth. Ó Mainnín a bhí ina shéipléineach ar an gCnoc ag an am seo agus thugadh sé cuairt ar an scoil go minic.

Seanscoil Sailearna



Δη ΤΣΡΑΙΤΗ
ΘΗΑ ΤΟΣΑΙΛ



Seo na buachaillí a bhí i rang na naoináin, Scoil Sailearna, 1880:

Flaherty, John L
Loughanbeg.

Folan, John James
Loughanbeg.

Walsh, Colman
Loughanbeg.

Folan, John
Loughanbeg.

Flaherty, Stephen
Loughanbeg.

Mc Dermot, Martin
Loughanbeg.

Faherty, Patrick Pat
Taghmore.

Lydon, John
Kilroe.

Beety, Colman
Aillia.

Curran, Michael
Kilroe.

Costello, Thomas
Aillia.

Griffin, Mathias
Cornarona.

Waters, Michael J.
Loughanbeg.

Griffin, Peter
Cornarona.

Faherty, Martin
Knock.

Faherty, Michael
Knock.

Faherty, Morgan
Knock.

Cunningham, John
Knock.

Conneely, Thomas
Kilroe.

Grealish, Michael
Knock.

Beety, Peter
Aillia.

Gabh mo leithscéal a chailíní,
níl aon liosta agam díbhse.

Múinteoirí i Scoil na gCailíní, Sailearna

AINM	POST	BLIAIN
Máire Ní Dhonechadha	Príomhoide	1886
Miss Mary Maxwell	Cúntóir	1886
Máire Ní Bhrádaigh	Cúntóir	1907
Sorcha T. Dowling	Cúntóir	1909
Nóra Breathnach	Monatóir	1909
Cáit Ní Choisdealbha	Cúntóir	1912
Mairéad Ní Oisín	Príomhoide	1914
Miss Corcoran	Cúntóir	1917
Mrs Mc Cann (Iníon Uí Oisín)	Príomhoide	1918
Mrs Deignan	Cúntóir	1919
Bríd Ní Ghallachobhair	Príomhoide	1922
Siobhán Ní Chonaill	Cúntóir	1922
Máirín Crawford	Príomhoide	1924
MáireNíFhloinn	Cúntóir 2	1925
Mairéad Ní Ghallachobhair	Cúntóir 2	1926
Mairéad Ní Dheaghaidh	Cúntóir 2	1926
Mrs Cooney	Príomhoide	1927
Miss M. Swords	Príomhoide	1929
Bríd Ní Mhurchú	Cúntóir 2	1933
Bn. Bhreathnaigh	Cúntóir	1937
Noirín Nic an Aistir	Ionadaí	1938
Áine Ní Fhiannachta	Ionadaí	1939
Máire Bn. Nic an Ríogh	Cúntóir	1940
Máire Ní Ghiolláin	Ionadaí	1941
Caitlín Ní Mhurchú	Ionadaí	1941
Bn. Uí Chonfaí	Cúntóir	1943
Bairbre Ní Churraidhín	Ionadaí	1943
Máirín Ní Mháille	Ionadaí	1944
Máire Ní Chonghaile	Príomhoide	1953
Máire Bn. Uí Chiardha	Cúntóir	1964
Fil Bn. Uí Neachtain	Cúntóir	1967

Múinteoirí i Scoil na mBuachaillí, Sailearna

AINM	POST	BLIAIN
Tomás Mac an Ultaigh	Príomhoide	1872
Máire Ní Dhonechadha	Cúntóir	1872
Seán Ó Conghaile	Monatóir	1872
Máire Áine Nic an Ultaigh	Monatóir	1872
Jeremiah Ó Riordáin	Príomhoide	1889
Micheál Ó Maicín	Príomhoide	1893
Micheál Breathnach	Monatóir	1903
Mortimor Ó Catháin	Príomhoide	1906
Bríd Bn. Uí Chatháin	Cúntóir	1917
Tadhg Ó Séaghdha	Cúntóir	1927
Pádraig Ó Ciardha	Cúntóir	1936
Pádraig Ó Ciardha	Príomhoide	1946
Pól Ó Foighil	Cúntóir	1954
Riocard Ó Tiarnaigh	Cúntóir	1954
Cáit Bn. Uí Chiardha	Cúntóir	1958
Liam Ó Gráinne	Cúntóir	1960
Máire Bn. Uí Mhainnín	Cúntóir	1966

MÉADÚ

Ar an 24ú Iúil 1894 scríobh an tAth. Hosty chuig an mBord Oideachais a rá go raibh an scoil ró-bheag don méid scoláirí a bhí ag freastal uirthi - 137 buachaillí i scoil na mbuachaillí agus 147 i scoil na gcailíní. Ba é an tUas. Welby a bhí ina chigire ag an am.

Ar an 21ú Deireadh Fómhair 1903 ceapadh Micheál Breathnach ina mhonatóir sa scoil. Sa mbliain 1913 bhí an tAth. Ó hÉanaí tagtha mar shagart paróiste ar an gCnoc. Chuir sé cófraí nua sa scoil le feabhas a chur ar rudaí agus chosain siad £2 an ceann. Fuair sé £1-6-8 de dheontas. Chomh maith leis sin chuir sé deascanna nua sna seomraí ar chostas £13, bord nua i scoil na gcailíní a chosain 12 scilling, cheithre cinn de sciatha tine, péire i scoil na mbuachaillí agus péire i scoil na gcailíní ar chostas £6.

I mí na Nollag 1912 scríobh Liam Ó Ceallaigh a rá go raibh scoil na gcailíní i bhfad ró-bheag ach scríobh an rúnaí ar ais aige a rá nach raibh sé ar intinn ag an mBord seomraí breise a chur leis an scoil ag an am seo - an seanscéal céanna i gcónaí is cosúil. Sa mbliain 1924 cuireadh dhá sheomra eile leis an scoil agus ceapadh Máire Ní Fhloinn ina dara cúntóir i scoil na gcailíní. Máire Ní Chradhford a bhí ina príomhoide ag an am.

Ceapadh Máire Ní Chlaidhimh, nó Miss Swords mar is cuimhneach linn í, ina príomhoide ar an 9ú lá do Nollaig 1929. Maireann sí fós, bail ó Dhia uirthi agus beidh sí 104 bliain d'aois i mí Feabhra na bliana seo chugainn. Saol fada go raibh aici.

Thug sí cuairt orainn i mí Samhna na bliana seo caite. 1997, nuair a chuala sí go raibh an scoil á atógáil.

Is iomaí buachaill agus cailín a chuaigh trí dhoirse na scoile sin idir 1864 agus 1972 nuair a dhún sí i gcóir saoire an tsamhradh don uair dheireadh mar *Salerna National School*. Soir ar Shliabhán Kheane, mar a bhí aithne againn ar an áit sin, a chuaigh na gasúir tar éis an tsaoire ag freastal ar an scoil nua álainn seo nach raibh luch ná francach le feiceáil inti. D'fhág siad slán nó mallacht, cibé acu, ag an seanscoil.

Rinne an seanscoil freastal ar chúrsaí samhraidh ar feadh cúpla bliain ina dhiaidh sin agus ansin bhí sí ag caitheamh isteach an tuáille do réir a chéile. Ba le Údarás na Gaeltachta í ag an am seo agus tháinig Coiste Chomharchumann Shailearna Teo. agus Cumann Forbartha Chois Fharraige le chéile agus bheartaigh siad gan í a ligean i léig ach í a fháil ar ais ó Údarás na Gaeltachta agus í a chóiriú mar ionad pobail don sean is don óg.

Thóg sé na blianta é sin a dhéanamh de bhrí go raibh sé an-deacair teideal a fháil ar an áit ach d'éirigh linn faoi dheireadh tar éis cuid mhaith scríobh agus teileafón agus bagairt a

dhéanamh, gan trácht ar an méid cruinnithe ar pléadh an scéal acu. Faoi dheireadh, ag cruinniú a bhí agam féin, Pádraic Willie Ó Fátharta, agus an tAth. Micheál Ó Flannabhra, S.P., le baill de bhord an Udaráis - agus tar éis margáil mhór - cheannaigh muid ar ais í ar £12,500. Ansin bhí muid saor le plean a dhéanamh dhi agus chuir muid coiste beag le chéile a réitigh plean don leagan amach a bheadh uirthi. Ní raibh mórán don seanscoil fágtha ag an am seo, na ballaí ag titim go tréan.

Tús

Cuireadh tús le athógáil na seanscoile i mí Bealtaine 1997 agus mar seo atá an leagan amach dhe ag breathnú isteach uirthi ón mbóthar mór. Ó chlé, thiar le bóithrín, tá oifig C.S.T., thaobh thoir dhe sin beidh seomra ranga ríomhaireachta agus rí. Trasna uaidh sin, ó thuaidh, beidh cistineach agus leithreas; ansin tá halla mór pobail ann le haghaidh drámaí, damhsaí, scannáin, ceol, imirt chártaí agus rí. Tá sé i gceist chomh maith go mbeidh bialann i gceann thiar an halla sin. Ina cheann thoir beidh seomra, agus leithreas in aice leis, le haghaidh cruinnithe do

choistí an pharóiste agus féadfar é a úsáid mar naíscoil freisin.

Ba cheart dhom a lua ag an am seo go bhfuil an seanscoil i bhfad níos leithne anois ná mar a bhí agus tá dhá leithreas eile, fir agus mná, sa gcuid sin dhe. Chomh maith leis sin tá muid ag tógáil stór mór ó thuaidh den scoil le haghaidh trealamh agus le ábhar C.S.T. a choinneáil. Tá súil againn cuid den obair sin a bheith réitithe faoi Cháisc seo chugainn, le cúnamh Dé.

Ba mhaith liom a rá ag an bpointe seo go bhfuil leaids óga á dtraenáil ar an suíomh le clocha a thóigáil, le blocanna a shocrú, le rátaí a ghearradh agus a chur suas, le fuinneoga a dhéanamh, sclátaí a chur ar dhíon, agus go leor rudaí eile agus tá súil agam go mbainfidh siad leas as amach anseo.

Mar fhocal scoir ba mhaith liom an méid seo a rá:- Go ndéana Dia Grásta ar na buachaillí agus ar na cailíní, nach maireann, a chuaigh thrí dhoirse na scoile sin. Mar Chathaoirleach ar Choiste C.S.T. agus mar bhall de Chumann Forbartha Chois Fharraige ba mhaith liom míle buíochas a ghlacadh leis an dá Choiste, Coiste Chomharchumann Shailearna Teo. agus Cumann Forbartha Chois Fharraige, a d'oibrigh chomh crua le tús a chur leis an obair, agus leis an bhfochoiste a rinne an phleanáil. Tá buíochas mór ag dul don fhoireann oibre, agus do Nóirín agus Gearóid san oifig chomh maith. Míle buíochas do FÁS, An Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltacht & Oileán, Fód Glas Teo. agus chuile dhuine eile a thug tacaíocht dúinn le tús a chur leis an obair seo.



Comórtas Ghlór na nGael 1998

Clúdaíonn Cumann Forbartha Chois Fharraige an ceantar ó Dhroichead an Spidéil siar go dtí Droichead Chroimghlinne agus cláraíodh an ceantar seo do Chomórtas Ghlór na nGael don chéad uair i 1967. Mar chuid d'obair an choiste do 1998 cuireadh cóip de phlean forbartha cúig bhliana isteach le hiarratas na bliana seo, plean a cuireadh i dtoll a chéile i rith na bliana. Seo a leanas freisin cuid de na teidil agus cuid den eolas a cuireadh ar fáil do mholtóirí an Chomórtais:

<i>Na Cumainn Áitiúla</i>	<i>Cúrsaí Oideachais</i>
<i>Faoin teideal seo liostáileadh na heagrais seo a leanas a dhéanann a gcuid gnaithe ar fad trí Ghaeilge agus gurb í an Ghaeilge an teanga trína bhfeidhmíonn siad:</i> COMHAR CREIDMHEASA CHOIM CILLE: Cuireann sé seirbhísí ar fáil do 2,000 ball. COLÁISTE LURGAN: Reachtáiltear ranganna amhránaíochta agus rincí Gaelacha ann. CUMANN MICHEÁL BREATHNACH: Tá suas le 14 fhoireann faoina gcúram, idir thoirne peile agus iománaíochta, ó aois a 10 mbliana go daoine fásta. Chomh maith le gnáthcluichí na bliana eagraítear ollchomórtais do bhunscoileanna i rith na bliana, imrítear cluichí ceardscoileanna ar an bPáirc agus cuirtear traenáil ar fáil do na gráid éagsúla – gach cúram trí mheán na Gaeilge. AN CUMANN LIATHRÓID LÁIMHE: Cé go mbaineann an Cumann seo le Cumann Micheál Breathnach eagraíonn siad a ngnaithe thein agus a gcuid comórtais thein i rith na bliana.	- Tá scileanna traidisiúnta siúinéireachta agus cloiche á gcur ar fáil trí mheán na Gaeilge sa gceantar faoi scéim F.Á.S. - Leanadh den bhrú atáthar a chur ar an Údarás um ArdOideachais le Foras tríú leibhéal a bhunú sa nGaeltacht. - Feidhmíonn scoileanna an cheantair go hiomlán trí Ghaeilge agus tá polasaí Gaeilge curtha le chéile ag Scoil Sailearna. - Eagraítear cluichí agus ranganna corp-oiliúna trí Ghaeilge do dhaltai na scoile. - Tá dhá naíscoil ag feidhmiú trí Ghaeilge sa gceantar agus tá Eagraíocht Scoileanna Gaeltachta ag feidhmiú ann. <i>Cuireadh roinnt eolais ar fáil freisin faoina teidil seo a leanas:</i> Seirbhísí Poiblí, Cúrsaí Eaglasta, Cúrsaí Gnó an cheantair, Deiseanna/Ócáidí leis an nGaeilge a labhairt, Caidreamh Poiblí, Obair Eile agus Príomhghníomhaíochtaí 1998 – tá siad sin luaite ar leathanach 33 na hirise seo.



Rang Chéad Chomaoineach 1998 - Scoil Sailearna



Gearóid Ó Fátharta, Caoimhín Ó Neachtain, Eoin Davy Ó Coisdealbha.
Buaiteoirí Chomórtais Náisiúnta Slógadh - Agallaimh Beirte - le dhá bhliain anuas.

Caoineadh Uí Chadhain

Tráthnóna Dé Domhnaigh,
Sea fuair muid an scéala,
A d'fhág muid in éagmais
Ár gcroi istigh á chrá,
Bhí Máirtín Ó Cadhain
Anois tar éis séalú,
Is nár rí-mhór an scéal dhúinn
A chorp os cionn cláir.

Múinteoir is scríbhneoir,
Ollamh le Gaeilge,
Saighdiúir i ngéibheann,
Níor ghéill sé don cham;
Níor thréig sé an teanga,
Óir ghráigh sé an Ghaeltacht,
Ba dhuine againn féin é,
Bhí a ré anois thart.

Iompraíodh a chorp uasal
Ar ghuaillí na ndaoine,
Thrí phríomhshráid na tíre,
Bhí na mílte sa slua;
Stad: nóiméad ciúnais
In ómós na laochra,
An tsráid, bhí sí ag taoscadh
Le deora ón slua.

An scoláire a mhúin tú
Labhair sé go bríomhar,
Maidin fhuar gheimhridh,
Ag óráid cois uaighe;
Fear calma, fear díreach,
Le dúthracht is díogras,
Ba splanc é sa ngríosach,
Beidh a chuimhne go buan.

Leagamar síos thú
Sa gcré faoimar scríobh tú,
Do ghlór borb bríomhar
Ní chloisfear níos mó;
Ach beidh lorg do láimhe
Á léamh ar gach tinteán,
Is macalla do smaointe
Dár dtreorú ón uaigh.

JOE STEVE Ó NEACHTAIN,
ón leabhar "Fead Ghlaice"



*Tús na Seachtóidí,
Gormanstown
College, Cúrsa
Clubanna Óige.*

ó Chlé:
Stiofán Ó Braonáin,
Micí Sheáin Ó Conghaile,
Máirín Leainde,
Pádraig Ó Cadhain,
Síle Nic Lochlainn,
Tony Mullins,
?,
Máire Durcan,
Stiofán Ó Cualáin,
?,
Colm Ó Tuathail

CANON LYONS

(Sliocht as alt a scríobh an Ath. Micheál Ó Flannabhra, S.P.)

Rugadh Pat Lyons (Canon Lyons) i mBéal Átha hAmhnais sa mbliain 1811. D'fhreastal sé ar an scoil áitiúil agus ar Choláiste Naomh Iarfhlaitha, Tuaim ina dhiaidh sin. Ornaíodh ina shagart é san ArdEaglais i dTuaim sa mbliain 1839. Chaith sé dhá bhliain ina shéiplíneach thiar ar an gCeathrú Rua (1839-41), bliain i mBaile Liam (Teampal Tochair), (1841-42), agus bliain eile mar shéiplíneach i Baile An Mhuilinn.



Ina dhiaidh sin chaith sé ocht mbliana i Kilmeen, Baile Loch Riabhach, Co. na Gaillimhe agus sa bpobal sin thóg sé teach an tSagairt agus séipéal Naomh Iarfhlaitha i mBaile Dúgáin. Ghlac sé seilbh ar an bparóiste sin mar cheann de na paróistí beaga a bhain le Árd-dheoise Thuama. Bhí sé de cháil ar an bhfear go nglacadh sé seilbh ar áit agus go mbuailfeadh sé branda úinéireachta ar a mbeadh seilbh glactha aige air. Tá a ainm scríofa ar leac ag doras an tséipéil sin agus tá roinnt dá ghaolta ansin fós.

Tháinig sé mar shagart paróiste go pobal an Chnoic sa mbliain 1851 agus chaith sé an chuid eile dá shaol - scór agus ceithre bliana déag - ar an gCnoc go bhfuair sé bás ar 11/10/1885 in aois a 74 bliain. Tá sé curtha faoin altóir i séipéal Naomh Ainnín ar an gCnoc agus tá a leac cuimhneacháin ar an mballa ann.

GNÍOMHACH

Bhí an tAth. Lyons gníomhach chomh maith i gcúrsaí tógála sa séipéal. Bhí séipéal Naomh Ainnín ar an gCnoc tógtha ó 1844 ach bhí seilbh glactha ag na Protastúnaigh ar sheanshéipéal na Tulaí nach raibh críochnaithe ag an am. Bhuail an sagart bóthar agus thug sé siar leis fir láidre ón Lochán agus ó Chor na Rón - dúiche an Choimínigh - go dtí An Tulach - dúiche na mBlácach - le seilbh a ghlacadh arís ar shéipéal na Tulaí agus lena raibh ann a dhíbirt as. Chuir sé cloigeann ar shéipéal na Tulaí le adhmaid ó shoitheach a briseadh ar an gcladach thiar. Sé Dia a sheol ina threo é agus oscloíodh séipéal na Tulaí sa mbliain 1874 do phobal an dá Spidéal - Spidéal Thuama agus Spidéal na Gaillimhe - mar atá scríofa sa leac taobh istigh den sacristy sa Séipéal nua. Chuir sé a chapall agus a charr féin mar dhuais i gcrannchur a d'eagraigh sé le fiacha an tSéipéil a ghlanadh.

DÚSHLÁN

Thug sé dúshlán do mhinistéir McCready a bhí gníomhach ag an am lena phota mór anraith. Bhí sé ina chogadh dhearg idir an bheirt agus b'fhiú na litreacha a scríobh an tAth. Lyons sa "Galway Mercury" in Aibreán 1854 a léamh. Sheas sé an fód. Níor ghéill sé orlach agus aisteach go leor tá an pota mór anraith a tharraing an trioblóid i seilbh an tséipéil ar an Tulach go dtí an lá atá inniú ann. Tá an talamh a fuair sé ag an am á úsáid fós ag an bpobal mar charrchlós ag séipéal an Chnoic agus mar pháirc imeartha ag na gasúir agus ag na Breathnaigh, Cumann Luathchleas Gael. Tá athógáil agus athnuachan á dhéanamh anois ar an obair a thosaigh sé ag seanscoil Sailearna agus ag seanscoil na Tulaí.



pic: Máirtín Davy

Máire Pheairs Mhóir Uí Churraoin

As Cor na Rún ó dhúchas í Máire, phós sí go óg agus tá cónaí uirthi in Áill an Phreacháin, sna Forbacha le blianta fada. Fágadh ina baintreach go hóg í agus thóg sí clann mhór léi féin, clann atá scaipthe anois ar fud an domhain mhóir. Bean mhór seanachais í Máire agus bean a bhfuil bród aici as a teach agus as a bhfuil istigh ann. Teach gleoite atá ann, mar a léiríonn an pictiúr thíos, agus tógadh an pictiúr thuas nuair a bhí Máire ag déanamh cur síos ar a saol go Máirtín Davy, le haghaidh clár go Radió Éireann, roinnt blianta ó shin.



pic: Máirtín Davy

Paróiste an Spidéil - Deoise Thuama - 1925

(AS ALT A SCRÍOBH AN TATH. MÁIRTÍN J. Ó HÉANAÍ
S.C. AG TRÁTH GO RAIBH PARÓISTE AN CHNOIC
NASCTHA LE PARÓISTE AN SPIDÉIL)

Ins an aimsir atá imithe bhíodh mórán achramn 's clampar faoi theorainn an dá pharóiste, siad sin Spidéal Thuama agus Spidéal na Gaillimhe, agus freisin idir an dá pharóiste céanna agus paróiste Chill Ainnín faoin údar céanna. Agus feictear domsa go raibh uair ann nuair a bhí paróiste Chill Ainnín ag síneadh ó dheas go dtí an cladach agus go raibh an limistéar sin uilig ó Abhainn Bholuisce go Cuan Chasla ina pháirt de pharóiste Chill Ainnín.

In aimsir an allóid do bhain paróiste Chill Ainnín le seandeoise Anach Cuain ach le linn ama nuair tháinig Bardas na Gaillimhe saor ó Údarás ArdEaspag Thuama do bhíodh an Bardas ag meadú a coda i leaba a chéile agus ag tabhairt faoina cúram féin na paróistí mórthimpeall chathair na Gaillimhe

Nuair a bhí furmhór an ochtú aois déag caite feiceann muid go raibh conspóid idir ArdEaspag Thuama, Mark Skerrill, agus Bárdacht na Gaillimhe (Church Warden) faoi theorainneacha Chill Ainnín agus an Spidéil agus cé go bhfuil teorainneacha an dá pharóiste, Spidéal Thuama agus Spidéal na Gaillimhe, socraithe, níor thug an socrú déanta

sásamh chor ar bith. Cuir i gcás an lá atá inniú ann, tá dhá shéipéal i Spidéal Thuama agus san am céanna deirtear Aifreann an Domhnaigh in dhá theach scoile i Spidéal na Gaillimhe cé go bhfuil ceann de na scoileanna seo i bhfoisceacht míle slí ó shéipeal agus fágann sé sin go mbíonn a lán daoine ag éisteacht Aifrinne gach Domhnach i bparóiste eile agus i ndeoise eile rud nach bhfuil ceart cóir ná folláin dá mbeadh neart air.

Tóigeadh seipéal na Tulaí i gcóir mhuintir an dá pharóiste, Spidéal Thuama agus Spidéal na Gaillimhe, agus sé'n nós a bhí ann go n-ofráileadh sagairt chaon pharóiste Aifreann ann gach ar le Domhnach. Do lean an nós seo go dtí le gairid, go dtí gur chaith

muintir Spidéal na Gaillimhe suas aon chall a bhí acu don seipéal mar gheall ar chlampar a bhí idir an dá shagart paróiste i dtaobh usáid an tseipéil lá Nollag áithrid.

'Sé an tAth. Pádraic Ó Laighin a thóg seipéal na Tulaigh i mbliain 1840 ach is annamh anois go mbíonn sé leathlán féin. Crois-shéipéal mór atá ann.

Tá seipéal eile an pharóiste suite ar an gCnoc sna hAille agus ba é an tAth. Ó Laighin a thóg freisin é. Níos faide siar ná sin bhí seipéal ins na Minna faoi údarás an ArdEaspag. Is páirt de dheoise na Gaillimhe an áit seo anois.

Nuair a bhí an Rí, an chéad Shéamas, i réim thall i Sasana dearcann sé go raibh call ag Mainistir Anach Cuain do shé is dá theistiún 6s8d ó shéipéal an Spidéil agus do thrí is teistiún 3s4d ó Choill Rua. Tá Coill Rua suite míle slí soir ó Shéipéal Chnoc na hAille. Ba áit mhór le rá é sa tseansaol.

TEANGA NA NDAOINE

Cé is moite do fhíor-chorrdhuine anseo is ansiúd - agus is duine é nár rugadh sa bparóiste - 'sí an Gaeilge an teanga amháin a labhrann sean 's óg, fir is mná, gasúr is girseach, gearrbhodach is gearrchaile, buachaill is cailín. Tá Gaeilge Chois Fharraige cosúil le Gaeilge na Mumhan i gcuid de na fuaimeanna agus de na leaganacha. Tá droch-nós ann agus is an-droch nós é atá ag sean agus óg, sé sin, go bhfuil muintir Chois Fharraige an-tugtha do mhionnaí móra, focla eascaine agus mar sin, agus is ar éigin atá an páiste as an gliabhán nach mbíonn sé ag tabhairt na mionna agus an diabhal idir gach ar le focal aige.

NA SCOILEANNA

I bparóiste an Spidéil tá dhá scoil dúbailte agus deichniúr múinteoir ag múineadh iontu mar tá Scoil Salerna agus Scoil na Tulaí. Tá suas le dhá chéad scoláire ar an rolla i scoil Salerna agus bordáil 's ceithre scór i scoil na Tulaigh. In éindí leis sin tá suas le trí scór malrach as an bparóiste ag freastal ar scoil an Spidéil i ndeoise na Gaillimhe. Thairis sin níl aon scoil eile dubh bán na riabhach sa bparóiste.

I mbliain 1826 bhí teach scoile ceann tuí ar an gCoill Rua agus bhí 70 malrach ag freastal air agus ba é an Máistir Ó Maolaidh a bhí ag múineadh ann. Ba Caitliceach é agus bhí £17 mar thuarastal aige sa mbliain. Sa mbliain céanna, 1826, bhí Sean de Lapp ag múineadh scoile i Séipéal na Minna. Ba Caitliceach é agus bhí ó scilling is dá theistiún 1s8d go dtí trí scilleacha chuile thrí mhí mar thuarastal aige.

Bhí scoil eile ar an Lochán Beag agus de réir an Griffiths Valuation ba é luach an tí (scoile) ná seacht scilleacha 7s agus bhí sé saor ó rataí. Bhí scoil Protastúnach in Indreabhán. Deich scilleacha 10s a luach (valuation) agus é saor ó rataí. In Indreabhán freisin, bhí bearraic do na póilíos, a luach trí phunt deich (£3-10s-0d) agus é saor ó rataí.

NA ROILICÍ

Tá dhá roilic i bparóiste Spidéil Thuama mar atá ceann acu ar Chnoc na hAille. Níl an roilic seo sean. Tá an dara ceann ar an mBánrach Bán. Muighros an t-ainm atá ar an spota sin. Tá an roilic ar an gcladach, Roilic Coilm Cille, roilic stairiúil aosta é. Tá tobar beannaithe ann agus fothrach Cille ann. Tagann an taoile isteach ar an tobar. Bfionn a lán daoine ag déanamh turais ann gach bliain lá an phátrúin sé sin an naoú lá de mhí Meithimh. Tagann siad i bhfad agus i ngearr ó Chois Fharraige anoir ó Bhaile na Gaillimhe, aniar ón gCeathrú Rua 's Leitirmóir agus ó áiteacha eile nach iad.

OIDHRÍ DÚICHE

Bhí cuid mhaith de na taltaí i bparóiste an Spidéil i seilbh na mBlácach. Céad bliain ó shin ba é Pádraic a' Bhláca, Gort an Iomaire, Cill Tormóir, Co. na Gaillimhe, an tiarna. Cailleadh é sa mbliain 1860 agus tháinig a mhac ba shine, Francis Valentine a' Bláca, ina dhiaidh. Ba é Séamus a' Bláca, An Tulach, an maor.

I mbliain 1824 do phós Máire, an iníon ba shine le Valentine a' Bláca, An Tulach. Do phós sí le Roibeard Ó Mórdha, Shannon Grove, Banagher. Ba mac é do Sheán Ó Mórdha is a bhean Máire de Buitléir. Bhí sise pósta roimhe sin le Lord Dunboyne.

Ba as Coill Stocach, Co. na Gaillimhe do Phroinsias. Cailleadh é 1873. Do phós a mhac, Prionnsias Óg le Síle de Búrca as Carrowkeel, Lahardane. Ba iníon í le Uaitéar a' Búrc, colceathar do Mhuintir Búrc, Curraghleigh, Claremorris agus Oldtown, Irishtown.

Sa gComhaireamh (census) a rinneadh sa mbliain 1789, nuair a bhí imirce na ndaoine in Éirinn i bhfad níos lú ná mar atá sé faoi láthair, bhí naonbhar déag is fiche (39) i Bothúna, ceathrar déag i gCor na Rón, cúigear déag ar an Aill, naonbhar déag in Indreabhán, beirt is fiche i gCoill Rua, triúr is fiche i Lochán Beag agus aon duine dhéag ar an gCnoc.

PARÓISTE AN SPIDÉIL DEOISE THUAMA BARÚNTAUGHT MHAIGH CUILINN

On tábla thíos, atá le fáil i nDaonáireamh na bliana 1911, feictear boichteantacht na talún óna luacháil.

Baile Fearainn	Acraí	Luach Talún	Tithe	Líon Daoine
Aill	790	£126-0-0	37	184
Bobhruachán	1746	£ 9-10-0	1	5
Baile na hAbhann N.	205	£ 3-0-0		
Baile na hAbhann S.	619	£ 65-0-0	25	144
Bánrach Bán N.	384	£ 3-0-0		
Bánrach Bán S.	916	£ 67-0-0	25	95
Bothúna E.	421	£183-0-0	40	236
Bothúna W.	497	£196-0-0	37	233
Boluisce Iochtar	1405	£ 20-0-0	6	44
Boluisce Uachtar	1671	£ 18-0-0	6	38
Cor na Rón	1573	£174-0-0	61	307
Cloch Mór N.	1096	£ 6-0-0		
Cloch Mór S.	289	£ 56-0-0	28	117
Doire Choill	1431	£ 13-0-0	8	62
Fionnán	7544	£ 5-10-0	1	5
Indreabhán	773	£168-0-0	34	181
Caorán na gCearc N.	920	£ 6-0-0		
Caorán na gCearc S.	713	£ 61-0-0	25	95
Cnoc Duach	641	£ 7-0-0	7	13
Coill Rua Thoir	822	£120-0-0	34	193
Coill Rua Thiar	912	£115-0-0	34	167
Leitir Fir	2291	£ 15-10-0	1	6
Lochán Beag	1759	£207-0-0	65	336
Seana Mhóinín	1029	£ 26-0-0	8	51
An Tulach	430	£ 22-0-0	2	16

Seilbh na mBlácach a bhí i bparóiste an Spidéil:

Baile na hAbhann	822 Acra	£68	An luacháil
Bánrach Bán	1298 "	£70	"
Cloch Mhór	1375 "	£62	"
Doire Choill	1424 "	£13	"
Indreabhán	773 "	£168	"
Caorán na gCearc	1634 "	£67	"
Coill Rua	1734 "	£235	"
AnTulach	518 "	£22	"
Seanamhóinín	1030 "	£26	"
An tIomlán	10,612 Acra	£731	An luacháil

Taltaí Phroinsias Coimín:

Aille	798 Acra	£126	An luacháil
Cor na Rón	1568 "	£174	"
An Cnoc	605 "	£75	"
Lochán Beag	1762 "	£207	"
An tIomlán	3,333 Acra	£582	An luacháil

Ón tábla seo thíos feiceann muid gurb é Fionnán an baile fearainn is mó agus is boichte, ar £5-10-0, sé sin 68.5 acra ar scilling. Sé Bothúna Thoir an baile is airde luach, mar atá, bordáil is 8s8d an t-acra. Mar chomparáid le tábla na bliana 1911, tugtar anseo thíos luach na talún de réir Uí Ghríofa (Griffiths Valuation, 1844).

Baile Fearainn	Acraí	Luach na Talún	Luach na dTithe	Oifigeach Dúiche
An Aill	798	£116-0-0	£22-17-0	Frank Comyn
Séipéal Caitliceach		£0-2-6	£12-10-0	Saor ó rataí
Bóbhruachan	1750	£9-5-0	£0-3-0	Teach Maoir
Baile na hAbhann N	206	£3-0-0	-	Pádraic a' Bláca
Baile na hAbhann S	616	£56-15-0	£3-15-0	Pádraic a' Bláca
Bánrach Bán N	383	£3-0-0		Pádraic a' Bláca
Bánrach Bán S	915	£53-8-0	£7-16-0	Pádraic a' Bláca
Bothúna Thoir	418	£136-0-0	£26-17-0	Mártan De Moréis

Ar an mbaile fearainn seo tá na bailte Tochar beag, Cnocán Glas agus Baile na hAbhann le teampall Protastúnach agus clós, a luach ceithre scilleacha 's deich bpingine (4/10)

Bothúna Thiar	494	£133-10-0	£15-3-0	Mártan De Moréis
Boluisce Iochtair	1401	£19-7-0	£0-14-0	Nóra Ní Mháille
Boluisce Uachtar	1664	£17-0-0	£0-14-0	Eamon Ó Máille
Cor na Rón	1568	£155-11-0	£21-15-0	Frank Comyn
Cloch Mór N.	1091	£6-0-0	-	Pádraic a' Bláca
Cloch Mór S.	284	£54-0-0	£1-5-0	Pádraic a' Bláca
Clochar na Lára	716	£52-0-0		
Doire Choill	1428	£11 -5-0	£1 -5-0	Pádraic a' Bláca
Fionnán	7585	£35-0-0	£0-7-0	Teach Maoir
Indreabhán	00673	£106-0-0	£13-0-0	Pádraic a' Bláca

(Saor ó chíos:- Séipéal 1-0-0, Bearraic 3-10-0 agus an scoil Phrotastúnach 0-10-0)

Caorán na gCearc N	918	£4-16-0	-	Pádraic a' Bláca
Caorán na gCearc S	702	£54-0-0	£4-4-0	~
Coill Rua Thoir	822	£103-11-0	£10-18-0	Pádraic a' Bláca
Coill Rua Thiar	910	£102-0-0	£5-5-0	Pádraic a' Bláca

(Anseo tá na bailte An Chathair agus Púirín)

Cnoc Dubhach	643	£6-0-0	£0-10-0	Law Life Ass. Co.
Cnoc S.	605	£75-17-0	£2-17-0	Frank Comyn
Lochán Beag	1762	£180-19-0	£22-16-0	Frank Comyn

(Teach Scoile 71- saor ó chíos)

Leitir Fir	2296	£15-5-0	£0-7-0	Teach Maoir
Seanamhóinín	1030	£26-0-0	£2-0-0	Aindriú Ó Bláca
AnTulach	518	£58-5-0	£1-15-0	Pádraic a' Bhláca

Rugadh an tAthair Liam Ó Beirne i gCeathrú na Gaoithe, Baile an Mhuilinn, Co. na Gaillimhe sa mbliain 1873. Feilmeóir beag ab ea a athair - Thomas Byrne - agus bhí Brigid Quinn, Eadarghabhal, Baile an Mhuilinn, a mháthair. Bhí cúigear deartháir, deirfiúr amháin agus leas-deartháir aige. Ba chainteoirí dúchais Gaelge iad agus tógadh iad le Gaelge ón gcliabhán i bhfoisceacht scread asail de Churach a' Doire, an baile beag as a dtáinig Micheál Ó Locháin - eagarthóir "An Gaodhal" i Meiriceá - an páipéar dhátheangach nach raibh níos lú ná 1,440 cóip i gcló i ngach iris mhíosúil ar feadh deich mbliana.

Is ar an Lochánach a baisteadh an teideal "Athair Ghluaiseacht na Gaelge" i Meiriceá mar gheall ar a dhúthracht is a dhílseacht don teanga.

D'fhreastal An Beirneach ar scoil Bhaile an Daighin agus ina dhiaidh sin ar Choláiste Iarfhlaitha, Tuaim. Cláraíodh ina mhaicléinn i gColáiste Mhaigh Nuat é ar 3ú Meán Fómhair 1892, áit ar tháinig sé go mór faoi thionchar Eoghain Uí Ghramhnaigh. Oirníodh ina shagart é do dheoise Thuama ar an 19ú lá de mhí na Samhna 1899 i nGaillimh.

D'oibrigh an Beirneach ina shagart i ndeoise Thuama in Oileán Cliara (1903-05), in Árainn (1906-07), i gCois Fharraige i bpobal an Chnoic (1907-1908), i gCloch na Rón (1910-12), i gCill Fhear Odhráin (1912-15), in Achadh Fhobhair (1915-16) agus ins na Caológa. Níl trácht tásca ná tuairisc faoi sa *Catholic Directory* idir 1917 agus 1950 - an bhliain ar fógraíodh gur bhásaigh sé.

Tá fios againn ó litir a scríobh sé ag a chara Máire Ní Scolaí go mbíodh sé ag tabhairt cúnamh pé ar bith paróiste ina mbíodh sé ag fanacht. Léigh sé Aifreann go minic sa séipéal i

dTeach Chaoin idir 1928 agus 1931 nuair a bhí cónaí air lena chara dílis - An tAthair Micheál Mac an Mhílidh - ach ní raibh sé de chead aige seanmóir a thabhairt uaidh. Bhíodh sé ag fanacht lena chara Críostóir Mac an Aoghusa sa nGort Mór, Rosmuc, Deoise na Gaillimhe, áit a léighfeadh sé an tAifreann agus de réir an tseanchais, bhain pobal Rosmuc taitneamh mór as na seanmóirí breátha a thugadh sé uaidh.

Bhásaigh sé ar an 17ú lá d'Iúil, 1949 in ospidéal an Chondae, Caisleán an Bharraigh, agus cuireadh é in uaigh a mhuintire i reilig Choill Chluana tar éis Aifrinn Sholúnta na Marbh i séipéal Naomh Seosamh. Baile an Mhuilinn, Teach Pobail a pharóiste dhúchais. Sé an tAthair Micheál Mac an Mhílidh, a chara dílis i rith a shaoil, a léigh an tAifreann agus bhí an tAth. John O' Malley S.P., Mark Curley, S.C., Michael Quinn

AN BEIRNEACH 1871 - 1949

S.C. agus an tAth. William Diskin mar leathbhádóirí leis ar an altóir chomh maith le roinnt mhaith de shagairt na deoise ag an Aifreann.

Bhí an tArd-Easpag Seosamh Breathnach i gceannas ar an searmanas agus sé a thug an tseanmóir uaidh ar an ócáid.

Ba scoláire mór Ghaeilge an Beirneach. "Sé an Gaelgór is bríomhaire Gaeilge i gConnachta é", de réir Mhuiris Uí Dhroighneáin. In "Páipéar Bhána agus Páipéir Bhreaca" scríobh Máirtín Ó Cadhain, "Mheas mise go mb'iontach an scríobhneoir an Beirneach, duine a léinn go hamplach agus a léim fós".

Bhí árd-mheas ag Pádraic Ó Domhnalláin chomh maith ar a stíl scríobhneoireachta. Ba dhuine foscúil é ach Poblachtach dílis go smior nár thaitnigh galamaisíocht ná sodar i ndiaidh na n-uasal riamh leis. Scríobh

sé cuid mhaith dá aistí faoi ainm cleite ar nós "An Fear Mór Maol" agus "Mac Phádraic Naomhtha" agus thug duais an Oireachtais leis sa mbliain 1898 faoin ainm "Sáirséal". Is iomdha sin amhrán a bhailigh sé agus a chuir sé i gcló sa gClaidheamh Solais. Bhíodh aistí óna pheann i gcló go minic ins na hirisí seo 'leanas:- "An Stoc", "Misneach", "Fáinne an Lae", "An Phoblacht", "Ar Aghaidh", "Catholic Bulletin" agus "Scéala Éiream".


Sa mbliain 1926 foilsíodh "An Troid agus an t-Uaigneas" agus i 1934 "Seo Siúd", - dhá leabhar de chnuasach aistí agus gearrscéalta a bhain clú is cáil amach don Bheirneach mar scríobhneoir. Tá sé ráite go raibh aistriúchán de "Litreacha Naomh Póil" i nGaeilge déanta aige ach ní feasach mé gur foilsíodh riamh é. Dhiúltaigh An Gúm glacadh le lámhscríbhinn a chur sé chucu i 1929 - rud nár mhéadaigh a mheas ar an nGúm, cé go raibh sé ag comhoibriú leo ina dhiaidh sin. Dúradh go raibh sé ag aistriú shaothar Emile Souvestre ón bhFraincis go Gaeilge don iris "Ar Aghaidh" sa mbliain 1931.

Tá sé raite nach bhfuil duine ar bith a bhásaigh chomh marbh le sagart atá ar shli na Fírinne. Bhásaigh an Beirneach leathchéad bliain ó shin.


Ba mhór an trua a chuimhne a ligean i ndearmad! Ba dheas ó Phobal Bhaile An Mhuilinn agus ó Chléir na hArd-dheoise mar chuimhneachán leathchéad agus céad bliain ar an mBeirneach paróisteach clúiteach, bráthair dílis san sagartacht agus scríobhneoir cáiliúil - é a chomórath i 1999. Go raibh climin mór a dheá-oibreacha is a shaothair curtha san aireamh thall agus abhus san mbliain seo chugainn!

Micheál Ó Flannabhra S.P.

Mar agúisín leis an scéal sin, rinneadh píosa faoin an Athair Ó Beirne - agus faoin an Athair Micheál Ó Locháin - ar an gelár "Scéal Aniar" ar Raidió na Gaeltachta i dtús mhí na Nollag.



Cuid de
Chois Fharraige
mar atá sé fós
fhéin



*Ar Chlé: Johnny Joe Mharcais Ó Curraoin
Ar Dheis: a dheartháir Pat Joe Mharcais - as Bothúna.*

Níltear cinnte go díreach cén bhliain ar tógadh pictiúr Johnny thuas, ach tógadh pictiúr Phat ar an 6 Iúil 1946 i Columbia Studios i Londain.



B'théidir go gceapann cuid againn nach fada ó bhí an Naomh Fanna ag tarraingt lastais as Gaillimh go dtí Oileáin Árann... ach seans go bhfuil cuid mhaith dár léitheoirí nach bhfaca riamh í!

An Cumann Forbartha i nith 1998

Seo a leanas oifigigh agus baill choiste an Chumainn:

Cathaoirleach: An tAth Mícheál Ó Flannabhra;

Rúnaí: Pádraig Ó Héalaí;

Cisteoir: Séamas Ó Fátharta;

Baill:

Bríd Bhreathnach, Ivan Mac Philib, Eibhlís Ní Chonghaile; Mamie Ní Chualáin, Seosamh Ó Braonáin, Barry Ó Coisdealbha, Caoimhín Ó Conaill, Páraic (Willie) Ó Fátharta, Mícheál Ó Fátharta, Gearóid Ó Murchadha, Joe Steve Ó Neachtain, Breandán Ó Tuairisg.

Gníomhaíochtaí

Bíonn cruinniú míosúil ag an gCumann ag a ndírítear ar fhorbairtí fisiciúla agus cultúrtha a rachaidh chun tairbhe do phobal an cheantair. Seo a leanas cuid de na tograí a bhí á gcur chun cinn ag an gCumann i gcaitheamh na bliana seo caite:

- Feabhas ar bhóthar Leitir Fir;
- Feabhas ar an gcasán fan an bhóthair ó Shiopa an Phobail siar go Coláiste Cholm Cille;
- Casán nua fan an bhóthair ó Choláiste Cholm Cille siar;
- Soilsiú an bhóthar thart ar an Séipeal;
- Cigireacht shásuil ar chaighdeán an tsoláthair uisce;
- Athchóiriú ar chéibh an Locháin Bhig;
- Athchóiriú sheanscoil Sailearna;

- Glanadh Reilig an Chnoic;
- Scéim phíolótach séarachais a bhunu sa cheantar;
- Leacht cuimhneacháin ar an nGorta;
- Leacht fáiltithe chuig Paróiste an Chnoic;
- Bunú forais oideachais Tríú Leibhéil sa Ghaeltacht;
- Tacú le bille cearta teanga;
- Rannpháirtíocht i gcomórtas Ghlór na nGael;
- Plean forbartha cúig bliana a réiteach;
- Suirbhé teanga a réiteach;
- Daingniú stádas an cheantair mar Ghaeltacht;
- Comhoibriú le Meitheal Forbartha na Gaeltachta i réimsí a bhaineann le hobair an Chumainn;
- Iriseán a chur amach.

Tá ionadaíocht ag an gCumann freisin ar choistí eagraíochtaí eile mar *Chumas Teo.*, *Coiste na nAosach*, agus *Comhlacht na nAosach* (a reachtáileann scéim tithíochta Thearmann Ainnín). Is fochoiste den Chumann Forbartha é an Club Óige.

Bíonn fáilte mhór ag an gCumann i gcónaí roimh bhaill nua, gan dabht. Más spéis leatsa bheith ar choiste an Chumainn, téigh i dteagmhail láithreach leis an Rúnaí nó le ball ar bith eile den Choiste.

Pádraig Ó Héalaí.

Fáilte Isteach

Seo a leanas na páistí a baisteadh i Séipéal Naomh Ainnín ar an gCnoc i 1998:

Rebecca Nóra Ní Chualáin,
Cor na Rón
Seán Caoimhín Ó Tuathail,
Lochán Beag
Sharon Bríd Ní Bheoláin,
Aille
Seán Ó Cadhain,
Teach Mór
Seán Patrick Ó Fátharta,
Clochar na gCon
Caoimhe Máire Ní Choisdealbha,
Baile na mBroghach
Cameron Christopher Corr,
Púirín
Jenny Michelle Concannon,
Cor na Rón
Rónán Máirtín Ó Corraoin,
Aille
Sinéad Agnes Ní Mhaoláin,
Lochán Beag
Sorcha Cáit Ní Bhraonáin,
Teach Mór
Áine Bríd Bhreathnach,
Leitir Fí
Niamh Eleanóir Ní Chuinn,
Coill Rua

Slán Abhaile

Seo na daoine a bhásaigh agus a tugadh go dtí Séipéal Naomh Ainnín i 1998:

Joe Ó Cadhain, Cnocán Glas	Steve Ó Cualáin, Cor na Rón
Sibéal Uí Chonghaile, Púirín	Liam Ó Fátharta, Cor na Rón
Séamus Ó Cualáin, Bothúna	Éamonn Ó Cadhain, Púirín
Beartla Ó Flatharta, Teach Mór	Pádraig Ó Cualáin, Bothúna
Pádraig Ó Fátharta, Cor na Rón	Cáit Uí Chúláin, Bothúna
Pádraig Chóil Ó Conghaile, Cré Dhubh	Caitlín Bn. Uí Chúláin, Saile Thúna
Jude Mhatt Uí Fhatharta, Teach Mór	Máire Bn. Uí Ghríofa, Cor na Rón/Lochán Beag
Marie Veronica Moss, Coill Rua	Máire Bn. Uí Mhóráin, Tearmann Annín
Pádraig Ó Flatharta, Na Forbacha & an Lochán Beag	Jimmy Ó Coincheanainn Baile an Lugáin

Go Máire Sibh a Nuaiocht

Seo na daoine a phós i Séipéal Naomh Ainnín i 1998:

Máirtín Ó Ceallacháin, Baile an Mhuilinn & Aisling Ní Neachtain, Cré Dhubh
Cormac Ó Murchú, Cnocán Glas & Triona Kennedy, An Rinn Mhór, Gaillimh
Pádraic Mac an Ultaigh, Baile na hAbhann & Máirín Bhreathnach, Coill Rua
Micheál Ó Dúgáin, Leitir Caladh & Rita Ní Churraoin, Na hAille

Forbairt na Gaeltachta... ...forbairt na Gaillimhe

- Tionscail
- Naíonraí
- Clubanna Óige
- Scéimeanna Forbartha
- Pobail
- Printísigh
- Scoláireachtaí
- Seirbhísí Teanga
- Féiltí Áitiúla
- Feirmeoireacht & próiseáil éisc
- Tograí closamhairc & teilifíse

Forbairt chultúrtha, shóisialta agus thionsclaíochta na
Gaeltachta - sin é cúram Údarás na Gaeltachta

Tá páirt duitse san obair thábhachtach seo!



Údarás na Gaeltachta

Na Forbacha, Gaillimh. Teil: (091) 503100 Facs: (091) 503101
ríomhphost: eolas@udaras.ie http://www.udaras.ie



Cúrsaí Reatha,
Nuacht, Spórt,
Cláracha agus scoth
an Cheoil ó 0800 go
dtí 1930 gach lá den
bhliain FM 92-94
agus FM 102.7 ar
fud na tíre.




Radio na Gaeltachta
ar fud na tíre